Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Márta 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0069(NLE)**

**7359/23**
**ADD 1**

**AELE 9**
**EEE 6**
**N 21**
**ISL 21**
**FL 7**
**MI 187**
**AVIATION 65**
**RELEX 333**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 136 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE (Rialachán EASA) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 136 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 136 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.3.2023
COM(2023) 136 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Rialachán EASA)**

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Gníomhaíochtaí Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht'), féadfaidh siad difear a dhéanamh do leibhéal sábháilteachta na heitlíochta sibhialta laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/1139 a ionchorprú i gComhaontú LEE chun go bhféadfaidh Stáit CSTE a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

(4) Roinnt forálacha maidir le bainistiú aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta de chuid Rialachán (AE) 2018/1139, agus de chuid na ngníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar a bhonn sin, eascraíonn siad ó Iarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Chicago), ó Nósanna Imeachta maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta (PANS) agus ó Nósanna Imeachta Forlíontacha Réigiúnacha (SUPPS) is infheidhme maidir le réigiúin na hEorpa (EUR) agus/nó réigiún na hAfraice agus an Aigéin Indiaigh (AFI) de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), nósanna imeachta a d'fhéadfadh a bheith mí-oiriúnach nó neamhoiriúnach dóibh siúd is infheidhme maidir le réigiún an Atlantaigh Thuaidh (NAT) de chuid ICAO. Cé go bhfuil an Íoslainn tiomanta d'fhorálacha Rialachán (AE) 2018/1139 a shásamh agus a chomhlíonadh, í a bheith suite i réigiún NAT, is rud é a thugann le tuiscint go ndéanann sí na SUPPS is infheidhme maidir le réigiún NAT a shásamh agus a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, SUPPS NAT agus ábhar treorach a bhaineann go sonrach

[1] IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

le réigiún NAT, féadfar a mheas gurb iomchuí iad mar Mhodhanna Inghlactha Comhlíonta (AMC) agus mar Ábhar Treorach (GM) i gcás na hÍoslainne.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní II agus XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 7e (Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil X:

‘, arna leasú le:

- **32018 R 1139:** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).’

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 4zzr (Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XVIII:

‘, arna leasú le:

- **32018 R 1139:** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).’

*Airteagal 2*

Leasófar Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Leasaítear pointe 64a de (Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar seo a leanas:

(i) cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:

‘- **32018 R 1139:** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).’

(ii) cuirtear an t-oiriúnú seo a leanas isteach i ndiaidh oiriúnú (c):

‘(d) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 25:

“3. Beidh Stáit CSTE go hiomlán rannpháirteach sa choiste arna bhunú de bhun mhír 1 agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála. Beidh stádas breathnóra ag Údarás Faireacháin CSTE sa Choiste Stiúrtha.”’

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 66a (Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle), 66n (Rialachán (CE) Uimh 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus 66w (Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

‘- **32018 R 1139:** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).’

3. Cuirtear an méid seo a leanas i bpointí 66d (Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus 66gc (Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

', arna leasú le:

- **32018 R 1139:** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).'

4. Leasaítear pointe 66za de (Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar seo a leanas:

(i) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach leis:

', arna leasú le:

- **32018 R 1139:** Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (c):

'Cuirfear an mhír seo a leanas isteach in Airteagal 15:

'6. Beidh Stáit CSTE go hiomlán rannpháirteach sa choiste arna bhunú de bhun mhír 1 agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag na Ballstáit den Aontas, cé is moite den cheart vótála. Beidh stádas breathnóra ag Údarás Faireacháin CSTE sa Choiste Stiúrtha.'

5. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 66zab (Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún):

'66zb. **32018 R 1139:** Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe a leanas:

(a) Mura sonraítear a mhalairt thíos, agus d'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú, maidir leis na téarmaí 'Ballstát/Ballstáit' agus le téarmaí eile lena dtagraítear dá n-eintitis phoiblí atá sa Rialachán, tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-eintitis phoiblí ar áireamh freisin, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán. Beidh feidhm ag mír 11 de Phrótacal 1.

(b) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, déanfaidh an Ghníomhaireacht, de réir mar a bheidh, agus nuair is iomchuí, cúnamh a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE nó Buanchoiste Stáit CSTE agus a gcúraimí sonracha á ndéanamh acu. An Ghníomhaireacht agus Údarás Faireacháin CSTE nó Buanchoiste Stáit CSTE, oibreoidh siad i

gcomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis de réir mar a bheidh, agus nuair is iomchuí.

(c) Ní fhorléireofar sa Rialachán seo aon ní lena bhféadfaí údarás a thabhairt d'údarás na Gníomhaireachta chun gníomhú thar ceann stáit CSTE faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta chun críoch eile seachas chun cúnamh a thabhairt i dtaca le hiad a n-oibleagáidí de bhun na gcomhaontuithe sin a chomhlíonadh.

(d) Ceanglais ábhartha maidir le bainistiú aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta sa Rialachán, a ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe, ceanglais a eascraíonn as forálacha is infheidhme maidir le réigiúin na hEorpa (EUR) agus/nó réigiúin na hAfraice agus an Aigéin Indiaigh (AFI) de chuid ICAO, ba cheart a thuiscint nach ceanglais iad a bhaineann leis an Íoslainn, i gcás ina gcomhlíonann an Íoslainn Nósanna Imeachta Forlíontacha Réigiúnacha ICAO maidir leis an Atlantach Thuaidh (NAT). féadfar a mheas gurb iomchuí iad mar Mhodhanna Inghlactha Comhlíonta (AMC) agus mar Ábhar Treorach (GM) i gcás na hÍoslainne.

Tagairtí i ndáil le bainistíocht aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta sa Rialachán, nó ina ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe, ar tagairtí iad do Rialacháin eile de chuid an Aontais atá teoranta ó thaobh a raoin feidhme geografach do réigiúin EUR agus/nó AFI ICAO, ní tagairtí iad atá ceangailteach maidir leis an Íoslainn, mura rud é go bhfuil sé curtha in iúl go sonrach ag an Íoslainn go bhfuil na rialacháin sin infheidhme san Íoslainn.

(e) I gcás ina gcomhlíonann an Íoslainn Nósanna Imeachta Forlíontacha Réigiúnacha (SUPPS) NAT agus/nó ábhar treorach (GM) a bhaineann go sonrach le réigiún NAT, ní cheanglaítear Modhanna Malartacha Comhlíonta (AltMOC) a úsáid ná fógra a thabhairt ina leith ina dhiaidh sin.

(f) Beidh Stáit CSTE rannpháirteach sa stór lárnach faisnéise arna bhunú ag an nGníomhaireacht i gcomhar leis an gCoimisiún, le hÚdarás Faireacháin CSTE agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 74.

(g) In Airteagal 62:

(i) i mír 1, cuirfear na focail 'agus Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún,'.

(ii) i mír 5(a), cuirfear na focail 'agus Stát de chuid CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'na Ballstáit sin'.

(iii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is é an méid seo a leanas a bheidh sa dara fomhír de mhír 5:

'Tabharfaidh Stáit CSTE lena mbaineann, 6 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh .../... ó Chomhchoiste LEE an... [an cinneadh seo], fógra don Choimisiún, don Ghníomhaireacht agus d'Údarás Faireacháin CSTE faoina gcinneadh freagrachta comhpháirtí agus cuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil dóibh, go háirithe an

comhaontú dá dtagraítear i bpointe (a) agus na bearta a glacadh chun a áirithiú go gcuirtear na cúraimí sin i gcrích go héifeachtach i gcomhréir le pointe (b). Oibreoidh an Coimisiún agus Údarás Faireacháin CSTE i gcomhar le chéile i dtaca lena measúnú ar an bhfógra.'

(iv) sa tríú fomhír de mhír 5, cuirfear na focail 'nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún' agus cuirfear na focail ', Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún a chur ar an eolas'.

(v) i mír 9, cuirfear na focail 'agus Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

(h) In Airteagal 66:

(i) i mír 1, cuirfear na focail 'nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

(ii) i mír 3, cuirfear na focail 'agus Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

(iii) i mír 4, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

(i) In Airteagal 68:

(i) i mír 1(a). cuirfear na focail 'Stát CSTE nó Stáit CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an tAontas'.

(ii) i mír 1(c), cuirfear na focail 'Stát CSTE nó Stáit CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'Ballstát'.

(iii) cuirfear an fhomhír seo a leanas le mír 3:

'Aon uair a rachaidh an tAontas i mbun comhairliúcháin le tríú tír agus é d'aidhm aige comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe, nó aon uair a dhéanfaidh sé comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích, coinneofar Stáit CSTE ar an eolas go cuí agus déanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit a ndícheall an deis a thabhairt do Stáit CSTE aontú don chomhaontú sin nó tairiscint ar a leithéid de chomhaontú leis an tríú tír sin a fháil le haghaidh Stáit CSTE. Dá réir sin, féachfaidh Stáit CSTE le comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha a chomhfhreagraíonn do chomhaontuithe an Aontais.'

(j) In Airteagal 72:

(i) i míreanna 1 agus 6, cuirfear na focail 'Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

(ii) i mír 4, cuirfear na focail 'nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an Coimisiún'.

(iii) cuirfear an mhír seo a leanas isteach:

‘8. Faisnéis nó sonraí a thagann ó Stáit CSTE agus ó Údarás Faireacháin CSTE, ba cheart cosaint choibhéiseach a thabhairt i gcónaí don fhaisnéis nó do na sonraí sin agus a thugtar d’fhaisnéis agus do shonraí a thagann ó Bhallstáit an Aontais, ón nGníomhaireacht agus ón gCoimisiún.’

(k) In Airteagal 74(1) go (7), cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(l) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 75:

‘3. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh freisin d’Údarás Faireacháin CSTE maidir le bearta agus cúraimí de bhun an Airteagail seo.’

(m) In Airteagal 76:

(i) i mír 2, cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(ii) sa tríú fomhír de mhír 4, cuirfear na focail ‘Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(n) In Airteagal 84:

(i) cuirfear an fhomhír seo a leanas le mír 1:

‘An chumhacht fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil deimhniú eisithe ag an nGníomhaireacht chuige, nó a bhfuil dearbhú curtha faoi bhráid na Gníomhaireachta aige, i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfar an chumhacht sin a dhílsiú d’Údarás Faireacháin CSTE i gcás ina mbeidh a phríomháit ghnó ag an duine nádúrtha nó dlítheanach sin i Stát de chuid CSTE nó, mura bhfuil príomháit ghnó ag an duine sin, ina mbeidh a áit chónaithe nó a áit bhunaíochta aige i Stát de chuid CSTE.’

(ii) i mír 3, cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(iii) i mír 5, cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Cúirt CSTE,’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Chúirt Bhreithiúnais’ agus cuirfear na focail ‘agus, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(iv) i mír 6, cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(o) In Airteagal 85, cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 1:

‘Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh freisin d’Údarás Faireacháin CSTE agus tabharfaidh sí an tacaíocht chéanna dó, i gcás ina dtiocfaidh bearta agus cúraimí den sórt sin faoi inniúlacht Údarás Faireacháin CSTE de bhun Chomhaontú LEE. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil d’Údarás Faireacháin CSTE maidir le cigireachtaí agus gníomhaíochtaí eile faireacháin a dhéantar i Stát de chuid CSTE.’

(p) In Airteagal 88:

(i) i mír 1, cuirfear na focail ‘agus Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(ii) i mír 2, cuirfear na focail ‘agus Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(iii) i mír 3, cuirfear na focail ‘nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(q) In Airteagal 89(1)(a), cuirfear na focail ‘, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(r) In Airteagal 90(4), cuirfear na focail ‘, Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(s) In Airteagal 93, cuirfear na focail ‘agus Údarás Faireacháin CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Coimisiún’.

(t) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 95:

‘3. De mhaolú ar Airteagal 12(2)(a) agus Airteagal 82(3)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, náisiúnaigh Stáit CSTE a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh, féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta iad a fhostú faoi chonradh.’

De mhaolú ar Airteagal 12(2)(e), Airteagal 82(3)(e) agus Airteagal 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 129(1) de Chomhaontú LEE, déanfaidh an Ghníomhaireacht iad a mheas mar theangacha de chuid an Aontais, i dtaca lena baill foirne, dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.’

(u) Cuirfear an méid seo a leanas le hAirteagal 96:

‘Deonóidh Stáit CSTE pribhléidí agus díolúintí don Ghníomhaireacht agus dá foireann arb ionann iad agus na pribhléidí agus na díolúintí atá i bPrótacal (Uimh. 7) maidir le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE.’

(v) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 99:

‘6. Beidh Stáit CSTE iomlán rannpháirteach sa Bhord Bainistíochta agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag na Ballstáit den Aontas, cé is moite den cheart vótála. Údarás Faireacháin CSTE, ina cháil mar bhreathnóir, ceapfaidh sé ionadaí amháin agus comhalta malartach amháin.’

(w) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 106:

‘7. Beidh náisiúnaigh CSTE incháilithe le bheith ina gcomhaltaí de na Boird Achomhairc, lena n-áirítear ina gCathaoirligh. Nuair a tharraingeoidh an Coimisiún suas an liosta d’iarrthóirí cáilithe dá dtagraítear i mír 1, measfaidh sé gur iarrthóirí iad náisiúnaigh CSTE freisin.’

(x) In Airteagal 114(3), cuirfear na focail ‘, Údarás Faireacháin CSTE agus Stáit CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘Ballstáit’.

(y) In Airteagal 119:

(i) i mír 1, cuirfear an abairt seo a leanas isteach tar éis na bhfocal ‘atá i seilbh na Gníomhaireachta.’:

‘I ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le haon doiciméad de chuid na Gníomhaireachta a bhaineann le Stáit CSTE.’

(ii) i mír 3, cuirfear na focail ‘, san Íoslainnis agus san Ioruais’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Aontais’.

(iii) i mír 5, cuirfear na focail ‘nó san Íoslainnis nó san Ioruais’ isteach tar éis na bhfocal ‘an Aontais’.

(z) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 120:

‘13. Glacfaidh Stáit CSTE páirt sa ranníocaíocht airgeadais ón Aontas dá dtagraítear i mír 1(a). Chun na críche sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 82(1)(a) de Chomhaontú LEE agus i bPrótacal 32 a ghabhann leis an gComhaontú sin.’

(za) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 127:

‘5. Beidh Stáit CSTE go hiomlán rannpháirteach sa choiste arna bhunú de bhun mhír 1 agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag na Ballstáit den Aontas, cé is moite den cheart vótála. Beidh stádas breathnóra ag Údarás Faireacháin CSTE sa choiste.’

(zb) In Airteagal 128(a), cuirfear na focail ‘agus stát de chuid CSTE’ isteach tar éis na bhfocal ‘gach Ballstát’.

(zc) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 140(6) maidir le Stáit CSTE.

(zd) I gcás inarb infheidhme, agus mura bhforáiltear a mhalairt, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na hoiriúnuithe thuas maidir le reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena dtugtar cumhachtaí don Ghníomhaireacht agus a ionchorpraítear sa Chomhaontú seo.’

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2018/1139 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], nó an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*, cibé acu is déanaí.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

**Dearbhú Comhpháirteach ó na Páirtithe Conarthacha**

**i gCinneadh Uimh..../... lena n-ionchorpraítear sa Chomhaontú Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Aithníonn na páirtithe go bhfuil ionchorprú an ghnímh seo gan dochar do chur i bhfeidhm díreach Phrótacal 7 i ndáil le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir le náisiúnaigh de chuid Stáit CSTE ar chríoch gach Ballstáit den Aontas Eorpach, de bhun Airteagal 11 den Phrótacal sin.